

Ceacht a Fiche

Lesson Twenty

Pictiúir Éagsúla IV

Assorted Pictures IV

Leathanach 1

Page 1

The verb **tá** is used very frequently in Irish, and is also irregular, so it is important to learn all the forms it appears in. The following examples show how to report back what someone said when a form of **tá** was used.

1. “Tá mé tinn”, a deir Seán.	“I’m sick”, says John.
2. Deir Seán go bhfuil sé tinn.	John says that he is sick.
3. “Níl mé tinn”, a deir Seán.	“I’m not sick”, says John.
4. Deir Seán nach bhfuil sé tinn.	John says that he isn’t sick.
5. “Bhí mé tinn”, a deir Seán.	“I was sick”, says John.
6. Deir Seán go raibh sé tinn.	John says that he was sick.
7. “Ní raibh mé tinn”, a deir Seán.	“I wasn’t sick”, says John.
8. Deir Seán nach raibh sé tinn.	John says that he wasn’t sick.
9. “Beidh mé tinn”, a deir Seán.	“I will be sick”, says John.
10. Deir Seán go mbeidh sé tinn.	John says that he will be sick.
11. “Ní bheidh mé tinn”, a deir Seán.	“I won’t be sick”, says John.
12. Deir Seán nach mbeidh sé tinn.	John says that he won’t be sick.

Regular verbs follow a slightly different pattern than **tá** when reporting back what someone says using a regular verb.

13. “Ceannaím brioscaí gach lá”, a dúirt Síle.	“I buy cookies every day”, said Sheila.
14. Dúirt Síle go gceannaíonn sí brioscaí gach lá.	Sheila said that she buys cookies every day.
15. “Ní cheannaím brioscaí gach lá”, a dúirt Síle.	“I don’t buy cookies every day”, said Sheila.
16. Dúirt Síle nach gceannaíonn sí brioscaí gach lá.	Sheila said that she doesn’t buy cookies every day.
17. “Cheannaigh mé brioscaí inné”, a dúirt Síle.	“I bought cookies yesterday”, said Sheila.
18. Dúirt Síle gur cheannaigh sí brioscaí inné.	Sheila said that she bought cookies yesterday.
19. “Níor cheannaigh mé brioscaí inné”, a dúirt Síle.	“I didn’t buy cookies yesterday”, said Sheila.
20. Dúirt Síle nár cheannaigh sí brioscaí inné.	Sheila said that she didn’t buy cookies yesterday.
21. “Ceannóidh mé brioscaí amárach”, a dúirt Síle.	“I’ll buy cookies tomorrow”, said Sheila.
22. Dúirt Síle go gceannóidh sí brioscaí amárach.	Sheila said that she will buy cookies tomorrow.
23. “Ní cheannóidh mé brioscaí amárach”, a dúirt Síle.	“I won’t buy cookies tomorrow”, said Sheila.
24. Dúirt Síle nach gceannóidh sí brioscaí amárach.	Sheila said that she won’t buy cookies tomorrow.

There are several other expressions in Irish that use **go**, **nach**, **gur**, and **nár** in the same way as **deir** does. Many English expressions that use the word “that” have a form of **go** in Irish.

25. Sílim go bhfuil sí tinn.	I think that she’s sick.
26. Ceapaim go bhfuil sí tinn.	I think that she’s sick.
27. Feicim go bhfuil sí tinn.	I see that she’s sick.
28. Chuala mé go bhfuil sí tinn.	I heard that she’s sick.
29. Is dócha go bhfuil sí tinn.	She’s probably sick.
30. Is cosúil go bhfuil sí tinn.	It seems like she’s sick.
31. Is dóigh liom go bhfuil sí tinn.	I think that she’s sick.
32. Ní dóigh liom go bhfuil sí tinn.	I don’t think that she’s sick.
33. B’fhéidir go bhfuil sí tinn.	Perhaps she’s sick.
34. Tá a fhios agam go bhfuil sí tinn.	I know that she’s sick.
35. Tá súil agam nach bhfuil sí tinn.	I hope that she’s not sick.
36. Tá sé soiléir go bhfuil sí tinn.	It’s clear that she’s sick.
37. Tá sí anseo toisc go bhfuil sí tinn.	She’s here because she’s sick.
38. Tá sí anseo cé go bhfuil sí tinn.	She’s here although she’s sick.
39. Cén fáth go bhfuil sí tinn?	Why is she sick?

Ceacht a Fiche

Lesson Twenty

Pictiúir Éagsúla IV

Assorted Pictures IV

Leathanach 2

Page 2

1.		a. Cad é seo? b. An bhfuil ceann agat féin? c. Cá bhfuair tú é? d. Cén dath atá air? e. Cad a dhéanann tú leis?
2.		a. Cad atá sa phictiúr seo? b. Cá bhfaigheann tú é? c. Cad a dhéantar leis? d. Cad as a dhéantar é? e. An mbíonn siad milis nó goirt?
3.		a. Cad atá sa phictiúr ar chlé? b. An maith leat iad? c. An bhfuil ceann agat sa bhaile? d. Cad a dhéantar leis? e. Cad a fhaightear uaidh?
4.		a. Cén saghlas rud é seo? b. Cad a dhéantar leis? c. Cad as a dhéantar é? d. An bhfuil ceann agat sa bhaile? e. Cé mhéad acu atá sa seomra seo?
5.		a. Cén tír atá sa phictiúr seo? b. An raibh tú inti riamh? c. Cén teanga a labhraítar inti? d. An bhfuil Gaeilge ag muintir na tíre seo? e. Cén bia a itheann muintir na tíre?
6.		a. Cad atá ar siúl sa phictiúr seo? b. Cé chomh minic is a dhéanann tú é? c. Cén fáth go / nach ndéanann tú é? d. Cén teanga a úsáideann tú? e. Cad a úsáideann tú chun é a dhéanamh?